- Smaoineamh / Péireáil / Roinnt sula dtugtar freagra.

Sa seomra ranga NTI, is féidir linn ceisteanna agus comhrá a úsáid chun a fháil amach cad é atá foghlamtha ag scoláirí agus cá bhfuil na bearnaí san eolas agus sna scileanna. Agus ceistiú agus comhrá in úsáid againn i NTI, d'fhéadfaimis ceisteanna a phleanáil le haghaidh:

- Múinteoir/scoláire
- Scoláire/múinteoir
- Scoláire/scoláire.

## Aiseolas

Bíonn tionchar ag an gcaoi a dtugaimid aiseolas dár scoláirí ar a éifeachtaí a úsáideann siad é chun a gcuid foghlama a fheabhsú. Chun a éifeachtúlacht a mhéadú, ba cheart don aiseolas:

- A bheith bainteach leis na critéir ratha a comhaontaíodh
- Sonraí a thabhairt ar rath na scoláirí; ag díriú ar an tasc seachas ar an scoláire
- Treoir shoiléir a thabhairt do scoláirí maidir leis an rud atá le feabhsú & conas é sin a dhéanamh
- A bheith Inghníomhaithe láithreach.

Is féidir aiseolas a chur ar fáil ar go leor bealaí ag brath ar an gcomhthéacs foghlama:

- Scríofa
- Ó bhéal; le duine aonair, péire, grúpa nó grúpa ranga agus guth taifeadta
- Múinteoir le scoláire
- Scoláire (í) / le scoláire (í)
- Féinmheasúnú.

Roinnt straitéisí úsáideacha agus aiseolas á sholáthar:

- Bain úsáid as cód marcála foirmitheach
- Ná húsáid ach marcáil tráchta
- Marcáil an tríú cuid agus iarr ar scoláirí botúin den chineál céanna sa chuid eile a lorg & a cheartú
- Bíodh scoláirí ag gníomhú ar aiseolas i ndath atá sainiúil agus so-aitheanta, m.sh. oráiste.

Chun go mbainfeadh scoláirí an tairbhe is mó as an aiseolas, tá sé beartaithe againn go mbeidh sé soiléir agus intuigthe, agus dá bhrí sin iad a mhealladh. Nuair a thugaimid aiseolas éifeachtach, cabhraímid freisin le scileanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe a chothú agus a fhorbairt inár gcuid scoláirí trí léiriú conas aiseolas maith a chur ar fáil a chuireann an fhoghlaim chun cinn. Thar aon ní eile, ba cheart dúinn díriú ar aiseolas atá scoláirí in ann a láimhsiú agus a chur i bhfeidhm.

## Scoláirí mar Acmhainní dá Chéile

Forbraíonn rannpháirtíocht, spreagadh agus gnóthachtáil scoláirí nuair a chomhoibríonn siad ar bhealaí fiúntacha. Tá raidhse bealaí inar féidir le scoláirí NTI tacú agus cabhrú lena chéile ina gcuid foghlama. Seo roinnt acu:

- Comhoibriú in obair bheirte agus ghrúpa
- Cleachtais foghlama rathúla a roinnt
- Inneachar, acmhainní & nótaí a chruthú agus a roinnt
- Piarcheartú agus piaraiseolas
- Straitéisí foghlama comhoibríocha.

## Scoláirí mar Úinéirí ar a gCuid Foghlama

Trí ghuth agus rogha níos mó a bheith acu ina dturas foghlama méadóidh ar an rannpháirtíocht agus ar an spreagadh i measc scoláirí NTI. Tá roinnt straitéisí ann chun cabhrú le guth agus le rogha scoláirí:

- Cur leis an bhfeasacht atá ag scoláirí ar na straitéisí a oibríonn dóibh
- Scoláirí a bheith páirteach sa chomhrá teagaisc & foghlama
- A chinntiú go mbaineann ábhar, tascanna & gníomhaíochtaí le hábhair spéise na scoláirí
- Rogha a thabhairt do scoláirí conas a fhaigheann siad rochtain ar ábhar
- Rogha a thabhairt do scoláirí conas a léireoidh siad a gcuid foghlama, nuair is féidir.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers


# Duilleog Eolais an Mheasúnú Foirmitheach

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

## Measúnú Foirmitheach

*"Bíonn an measúnú foirmitheach nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise den fhoghlaim a bhailiú i rith an phróisis foghlama, agus nuair a úsáidtear iad chun an teagasc a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais an scoláire. Ceadaíonn an próiseas do mhúinteoirí agus don scoláire faisnéis a bhailiú faoi dhul chun cinn an scoláire agus athruithe a mholadh maidir le cur chuige an mhúinteora ina theagasc agus maidir le cur chuige an scoláire i leith na foghlama. Sa mheasúnú chun foghlama cumhdaítear gach gné den mheasúnú foirmitheach ach dírítear go háirithe ar an scoláire a mbeidh ról gníomhach aige ina chuid/cuid foghlama féin."* *(CNCM 2020)*

Meastar go bhfuil an measúnú foirmitheach comhdhéanta de chúig ghné, mar a léirítear sa ghrafaic. Is córas comhtháite é agus is é is éifeachtaí é nuair a bhíonn gach cuid á cur i ngníomh go comhsheasmhach ar fud an eispéiris teagaisc agus foghlama.




Is oibrithe gníomhacha sa phróiseas foghlama iad gach ball den seomra ranga agus mar is mó a chuimsímid scoláirí sna próisis teagaisc agus foghlama, mar is mó a spreagadh agus a rannpháirtíocht.

*"Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga." (Creat don tSraith Shóisearach 2015, l. 31)*

## Intinní Foghlama agus Critéir Ratha

Cuireann intinní foghlama agus critéir ratha treochlár soiléir ar fáil do scoláirí maidir leis an rud a mbíonn siad ag obair air, conas dul i mbun na foghlama agus conas a bheidh a fhios acu gur éirigh leo. Nuair a bhíonn scoláirí soiléir faoi na rudaí atá á bhfoghlaim acu agus cén chuma a bhíonn ar an rath, is féidir rogha a thabhairt dóibh cén chaoi a bhféadfadh siad an fhoghlaim sin a léiriú. Méadaíonn an rogha sin rannpháirtíocht agus spreagadh na scoláirí. Chun a bheith éifeachtach, ba chóir d' intinní foghlama:

- A bheith soiléir, gonta & i dteanga shimplí
- A bheith nasctha le torthaí foghlama
- Soiléiriú a thabhairt ar a mbeidh ar eolas ag scoláirí, a dtuigfidh siad agus a mbeidh siad in ann a dhéanamh.

Comhlánaíonn critéir ratha intinní foghlama trí léiriú a thabhairt ar an gcuma a bheas ar an rath. Cabhraíonn sé sin leis an scoláire taithí a fháil ar rath agus an fhoghlaim a bhaint amach atá ar a gcumas. Chun a bheith éifeachtach, ba cheart go ndéanfadh critéir ratha:

- Ceangail leis na hintinní foghlama
- an chroífhoghlaim a aibhsiú i dteanga a thuigeann na scoláirí
- An chaoi a mbeidh foghlaim á meas a shoiléiriú.

Trína shoiléiriú do scoláirí cad é a bhfuiltear ag súil leis, is féidir critéir ratha a úsáid chun:

- Scil an phiarmheasúnaithe a fhorbairt
- Cabhrú le féinmheasúnú
- Tagarmharc a thabhairt le haghaidh aiseolais.

## Fianaise ar Fhoghlaim a Spreagadh

Chun aiseolas a thabhairt do scoláirí a fhreagraíonn dá bhfoghlaim agus a bhogann ar aghaidh í, ní mór dúinn a fháil amach cad é atá ar eolas acu, cad é a thuigeann siad agus cad é atá siad in ann a dhéanamh. Chuige sin, ba cheart dúinn leas a bhaint as fianaise ar fhoghlaim a d'eascair as an bpróiseas teagaisc agus foghlama agus ó ócáidí suimitheacha araon.

In NTI, bainimid úsáid as réimse leathan modheolaíochtaí gníomhacha teagaisc, amhail cuir i láthair ó bhéal, obair bheirte agus ghrúpa, gníomhaíochtaí foghlama, tascanna agus rólimirtí, chun foghlaim níos doimhne a chur chun cinn agus chun fianaise ar fhoghlaim a mhealladh. Insíonn na critéir ratha chomhaontaithe don scoláire cad é atá á lorg ag an múinteoir agus cén áit lena gcuid iarrachtaí a dhíriú. Trí shoiléireacht maidir leis an áit ar chóir dóibh a gcuid fuinnimh a dhíriú agus le hiarrachtaí chun a gcuid foghlama a léiriú méadaítear ar an rannpháirtíocht agus ar an spreagadh i measc scoláirí. Ó obair na scoláirí, is féidir:

- A shocrú cad é atá ar eolas acu & cad é is féidir leo a dhéanamh go maith
- A fheiceáil cad iad na bearnaí atá ina gcuid eolais, tuisceana & scileanna
- A shocrú má tá siad réidh le dul chun cinn nó má tá breis tacaíochta uathu
- Aiseolas a thabhairt a fhreagraíonn don fhoghlaim agus a mhíníonn na chéad chéimeanna eile.

D'fhéadfaimis machnamh a dhéanamh ar na straitéisí seo a leanas don obair ranga chun rannpháirtíocht na scoláirí a mhéadú agus tuilleadh fianaise ar fhoghlaim a tharraingt:

- Grádaithe ó thaobh deacrachta chun spreagadh & dúshlán a thabhairt
- Gan lámha suas
- 'Am feithimh' fada go leor do gach scoláire le smaoineamh a dhéanamh
- Úsáid a bhaint as straitéisí chun gach scoláire a chur san áireamh, m.sh. mionchláir bhána, obair bheirte agus ghrúpa, uirlisí digiteacha leas a bhaint as freagraí don teagasc